Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12794/25**
**ADD 1**

**PROBA 35**
**AGRI 415**
**WTO 77**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 481 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le Moladh le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht chun an Comhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 a leasú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 481 annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 481 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.9.2025
COM(2025) 481 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le Moladh le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht chun an Comhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 a leasú**

# <u>IARSCRÍBHINN</u>

**Treoracha chun leasuithe ar an gComhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015, a chaibidliú**

Féadfaidh an Coimisiún dul i mbun caibidlíochta leis na páirtithe eile sa Chomhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta) laistigh de Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg d'fhonn an Comhaontú a nuachóiriú agus forbairtí i margadh domhanda na n-ológ á gcur san áireamh agus d'fhonn feabhas a chur ar an nós imeachta chun ranníocaíocht na gComhaltaí a shocrú, chomh maith le próiseas daingniúcháin na leasuithe ar an gComhaontú.